EBA/GL/2024/08

19 Meitheamh 2024

# Treoirlínte arna n-eisiúint ar bhonn Airteagal 45(8) de Rialachán (AE) 2023/1114

## lena mbunaítear paraiméadair thagartha choiteanna na gcásanna tástála struis le haghaidh na dtástálacha struis leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 45(4) de Rialachán (AE) 2023/1114

# 1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

## Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010[1]. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na Treoirlínte a chomhlíonadh.

2. Sna treoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (35) de Rialachán (AE) 2023/1114[2] lena mbaineann treoirlínte comhlíonadh trí iad a ionchorprú ina gcleachtais de réir mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú).

## Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 30.09.2024. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2024/08' air. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.

4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE (IO L 331, 15.12.2010, lch 12) ón gCoimisiún.

[2] Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí criptithe-sócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023).

# 2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

## Ábhar

5. Leis na treoirlínte sin, i gcomhréir le mír 8 d'Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2023/1114, bunaítear paraiméadair thagartha choiteanna na gcásanna tástála struis atá le cur san áireamh sa tástáil struis leachtachta dá dtagraítear i mír 4 d'Airteagal 45 den Rialachán sin.

## Raon feidhme

6. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le heisitheoirí licíní sócmhainn-tagartha suntasacha agus institiúidí ríomh-airgid (r-airgead) a eisíonn licíní r-airgid (i gcomhréir le hAirteagal 58(1), pointe a, de Rialachán (AE) 2023/1114) mar a shainmhínítear i bpointí 6 agus 7, faoi seach, d'Airteagal 3(1) den Rialachán sin, agus neamhshuntasach nuair a éilíonn údarás inniúil an Bhallstáit baile é i gcomhréir le hAirteagal 35(4) agus Airteagal 58(2) den Rialachán céanna (dá ngairtear 'eisitheoirí ARTanna/EMTanna' go comhpháirteach anseo feasta, chun críoch na dtreoirlínte seo).

## Seolaithe

7. Tá na treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (35), de Rialachán (AE) 2023/1114 lena mbaineann na treoirlínte seo.

8. Tá na treoirlínte seo dírithe freisin ar na heisitheoirí de na nithe seo a leanas, mar a shainmhínítear i bpointe 10 d'Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2023/1114 lena mbaineann na treoirlínte seo:

   a) licíní sócmhainn-tagartha mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe 6 den Rialachán sin (eisitheoirí licíní sócmhainn-tagartha -ARTanna-); agus

   b) institiúidí r-airgid a eisíonn licíní r-airgid a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe 7 den Rialachán sin (eisitheoirí licíní r-airgid -EMTanna-).

# 3. Cur chun feidhme

## Dáta cur i bhfeidhm

9. Beidh feidhm ag na treoirlínte seo ó 30.09.2024 ar shuíomh gréasáin EBA de na treoirlínte i ngach teanga oifigiúil an AE.

# 4. Treoirlínte maidir le paraiméadair thagartha choiteanna na gcásanna tástála struis sa tástáil struis leachtachta

## 4.1 Foráil ghinearálta

10. De réir Airteagal 45(4), an 2ú fomhír, Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart d’eisitheoirí ARTanna/EMTanna measúnú a dhéanamh ar na rioscaí faoi chuid 4.2, agus athruithe rialála agus treochtaí margaidh a chur san áireamh, chomh maith le híoschoinníollacha maicreacnamaíocha, agus an mhodheolaíocht faoi chuid 4.3 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear paraiméadair na gcásanna tástála struis, agus na licíní sócmhainn-tagartha agus r-airgid uile a thairgtear agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leo á gcur san áireamh.

## 4.2 Rioscaí atá le measúnú

### 4.2.1 Riosca fuascailte

11. Ba cheart d’eisitheoirí ARTanna/EMTanna measúnú a dhéanamh faoi strus ar an dóchúlacht go ndéanfar iarrataí ar fhuascailt tráth ar bith.

12. Chun críocha mhír 11, ba cheart d’eisitheoirí ARTanna/EMTanna na gnéithe seo a leanas go léir a mheas: próifíl na sealbhóirí licíní (lena n-áirítear miondíol nó mórdhíol); an cineál licín (lena n-áirítear an bhfuil sé suntasach nó nach bhfuil); an cineál sócmhainne dá dtagraítear (amhail, airgeadra oifigiúil nó eile); saintréithe an eisitheora (amhail, institiúid chreidmheasa nó eile); eispéireas stairiúil iarratas ar fhuascailt; agus, próifíl aibíochta an chúlchiste sócmhainní. Féadfaidh eisitheoirí breithniú a dhéanamh ar aon ghné eile a mheas siad a bheith ábhartha don mheasúnú.

13. Ba cheart d’eisitheoirí ARTanna/EMTanna measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le céatadáin an chúlchiste sócmhainní a chomhlánú le haibíocht iarmhair suas le 1 lá oibre nó 5 lá oibre i gcomhréir le hAirteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/1114, a luaithe a bheidh feidhm ag an rialachán tarmligthe ábhartha, trí eatramh muiníne 99% a mheas i gcoibhneas leis an meánmhéid fuascailte sna cásanna is measa a breathnaíodh d’aibíocht iarmhair 1 lá agus 5 lá maidir le holl-eis-sreafaí, bunaithe ar a mbarúlacha stairiúla ar leith.

### 4.2.2 Riosca a bhaineann le taiscí le hinstitiúidí creidmheasa

14. Ba cheart d’eisitheoirí ARTanna/EMTanna measúnú a dhéanamh faoi strus ar an bhféidearthacht go mbeadh mainneachtain ann maidir le rochtain phras a fháil ar mhéid na dtaiscí arna sealbhú in institiúidí creidmheasa mar chuid den chúlchiste sócmhainní.

15. Chun críocha mhír 14, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna/EMTanna gach ceann de na gnéithe seo a leanas a mheas: i) cáilíocht chreidmheasa agus próifíl leachtachta an chontrapháirtí taisce; ii) comhchruinniú de réir contrapháirtí agus coimeádaí; iii) suíomh na taisce; iv) aibíocht na taisce; v) an chomhthaobhacht a d'fhéadfadh a bheith ann (lena n-áirítear méid, cineál nó cáilíocht) atá faoin taisce; agus, vi) aon fhachtóir riosca nach gceanglaítear de réir Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/1114 a mheasann siad a bheith ábhartha don riosca sin.

#### 4.2.3 Riosca margaidh agus luaineacht

16. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna/EMTanna measúnú faoi strus a dhéanamh ar an ngá atá le ceanglais leachtachta bhreise chun riosca margaidh an chúlchiste sócmhainní a chumhdach chomh maith lena dhifríochtaí ainmníochta airgeadra, luaineacht agus comhghaol i gcoibhneas le ceann de na sócmhainní dá dtagraítear, agus díorthaigh fálaithe ghaolmhara agus rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh atá i bhfeidhm á gcur san áireamh, cibé acu arna bhforchur i gcomhréir leis an tsonraíocht faoi Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/1114, a luaithe a bheidh feidhm ag an rialachán tarmligthe ábhartha, nó aon cheann eile arna iarraidh ón údarás inniúil/ón maoirseoir nó arna sealbhú ar bhonn deonach.

17. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna/EMTanna na cásanna ina n-úsáidtear cur chuige aisamhairc stairiúil chun an rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh atá i bhfeidhm a chinneadh (dá dtagraítear sa mhír roimhe seo) a chur san áireamh agus tá sé bunaithe ar thréimhse bhreathnóireachta nár tharla aon teagmhas struis inti. Sna cásanna sin, mar shampla, ba cheart tréimhsí níos faide lena n-áirítear teagmhais struis a mheas nó ba cheart toimhdí struis a ionchorprú.

#### 4.2.4 Riosca díphionnála

18. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna/EMTanna measúnú a dhéanamh ar an riosca go mbeadh luach margaidh na ARTanna/EMTanna éagsúil le luach margaidh na sócmhainne dá dtagraítear agus an bhfuil gá le ceanglais leachtachta bhreise chun an difríocht sin a mhaolú.

## 4.3 Modheolaíocht

#### 4.3.1 An tástáil struis leachtachta

19. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna/EMTanna méid ualaithe iomlán an chúlchiste sócmhainní a chur i gcomparáid le méid ualaithe iomlán na sócmhainní dá dtagraítear sna ARTanna/EMTanna, faoi strus.

20. Chun críocha mhír 19, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna/EMTanna méid ualaithe iomlán an chúlchiste sócmhainní a ríomh mar thoradh ar mhargadhluach gach sócmhainne sa chúlchiste sócmhainní a iolrú faoin bhfachtóir struis ábhartha (ualú). I gcás sócmhainní nach bhfuil indíolta (amhail airgead tirim nó taiscí in institiúidí creidmheasa), ba cheart d'eisitheoirí ARTanna/EMTanna an méid arna iolrú faoin bhfachtóir struis ábhartha a ghlacadh.

21. Tá méid ualaithe iomlán sin na sócmhainní dá dtagraítear ag na licíní mar thoradh ar mhargadhluach na sócmhainní dá dtagraítear a iolrú faoin bhfachtóir struis ábhartha. I gcás ARTanna/EMTanna dá dtagraítear d'airgeadraí oifigiúla, ba cheart a luach airgeadaíochta a ghlacadh mar mhéid ualaithe na sócmhainní dá dtagraítear.

22. Tagann easnamh sa chúlchiste sócmhainní sa tástáil struis leachtachta chun cinn i gcás ina bhfuil méid ualaithe iomlán an chúlchiste sócmhainní níos ísle ná méid ualaithe na sócmhainní dá dtagraítear sna licíní, faoi strus.

### 4.3.2 Paraiméadair choiteanna dá dtagraítear na gcásanna tástála struis a shainaithint

23. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna/EMTanna na fachtóirí struis ábhartha a chalabrú agus a chinneadh le haghaidh gach sócmhainne den chúlchiste sócmhainní agus le haghaidh na sócmhainní dá dtagraítear sna ARTanna/EMTanna faoi chásanna struis agus tréimhsí ama éagsúla, lena n-áirítear 1 lá, 5 lá, 30 lá agus bliain amháin.

24. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna/EMTanna calabrú na bhfachtóirí struis a bhunú ar bharúlacha stairiúla (a mbarúlacha féin móide barúlacha ó theagmhais mhargaidh) agus ar shainbhreithiúnas. Ba cheart doiciméadacht stairiúil ar shraith sonraí barúlacha agus réasúnaíocht mhionsonraithe a bheith ag eisitheoirí ARTanna/EMTanna le haghaidh aon bhreithiúnas saineolach lena gcruthaítear oiriúnacht an chalabrúcháin.

25. Ba cheart an fachtóir struis le haghaidh aicme sócmhainní ar leith a chruthú agus an teaglaim d'fhachtóirí riosca agus de pharaiméadair atá ábhartha don aicme sócmhainní faoi theagmhais/cásanna struis éagsúla ó pheirspictíocht neamhghnách agus ar fud an mhargaidh á cur san áireamh. Ba cheart déine na suaití a chinneadh de réir dhéine an cháis struis ar leith (lena n-áirítear an tréimhse ama). Dá bhrí sin, féadfar fachtóirí struis difriúla le haghaidh na haicme sócmhainní céanna a dhíorthú le haghaidh gach cáis.

26. Ba cheart an fachtóir struis atá le cur i bhfeidhm ar gach sócmhainn den chúlchiste sócmhainní a bheith níos ísle ná 100%. Ba cheart an fachtóir struis atá le cur i bhfeidhm ar na sócmhainní dá dtagraítear a bheith níos airde ná 100% mura dtagraítear na licíní d'airgeadraí oifigiúla.

27. Agus na fachtóirí struis á gcinneadh, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna/EMTanna measúnú a dhéanamh ar na paraiméadair go léir seo a leanas agus na rioscaí atá beartaithe i gcuid 4.2 de na Treoirlínte seo a chur san áireamh. Féadfaidh eisitheoirí ARTanna/EMTanna breithniú a dhéanamh freisin ar pharaiméadair agus rioscaí ábhartha eile nár cuireadh san áireamh cheana agus nach bhfuil ar neamhréir leo siúd atá sna treoirlínte seo.

#### a) Paraiméadair a bhaineann le calabrú fhachtóirí struis an chúlchiste sócmhainní

28. Agus na fachtóirí struis maidir leis na sócmhainní seo a leanas sa chúlchiste sócmhainní á gcinneadh, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna/EMTanna na paraiméadair seo a leanas go léir a chur san áireamh faoi strus:

a. **Taiscí le hinstitiúidí creidmheasa**:

i. cáilíocht chreidmheasa na hinstitiúide glactha taiscí agus ionchais maidir le neamhfheidhmíocht;

ii. cáilíocht chreidmheasa agus leachtachta na comhthaobhachta foluití má tá an taisce comhthaobhaithe;

iii. comhchruinniú na hinstitiúide glactha taiscí;

iv. an aibíocht agus na roghanna aistarraingthe luaithe; agus

v. an riosca tar-rollta a eascraíonn as idirbhearta maoinithe urrús, go háirithe comhaontuithe athcheannaigh, i gcás ina bhfaightear airgead tirim in aghaidh sócmhainní neamhleachtacha.[3]

b. **Tráchtearraí**:

i. a mhéid a mhacasamhlaíonn na sócmhainní cúlchiste na sócmhainní dá dtagraítear leis na licíní; agus

ii. an riosca seachadta agus na costais a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis más fuascailt fhisiceach atá i gceist.

c. **Sócmhainní leachtacha leibhéal 1 cheanglas um chumhdach leachtachta faoi réir caolchorrlach 0% [i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún] agus, a luaithe a bheidh feidhm ag an rialachán tarmligthe ábhartha, mar a shonraítear tuilleadh mar ionstraimí airgeadais fíorleachtacha i gcomhréir le hAirteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114**:

i. an mheánaibíocht/meánré iarmhair ualaithe chun a n-íogaireacht fhéideartha ar riosca an ráta úis agus ar an luaineacht ghaolmhar a chur san áireamh;

ii. préimh an riosca tíre chun a luaineacht ghaolmhar a chur san áireamh;

iii. an comhchruinniú de réir eisitheora;

iv. suíomh an urrúis (coimeádaí) chun aon dúshlán a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le haistriú pras a chur san áireamh; agus

[3] Sócmhainní leachtacha le tuiscint mar na sócmhainní sin a shainmhínítear in Airteagal 3(1) agus (2) mar 'sócmhainní leibhéal 1' nó 'sócmhainní leibhéal 2', faoi seach, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014, chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gceanglas um chumhdach leachtachta le haghaidh Institiúidí Creidmheasa (IO L 011, 17.1.2015, lch. 1).

v. éabhlóid luach margaidh an urrúis shonraigh, chun measúnú a dhéanamh ar a luaineacht agus a gcomhghaol i ndáil leis na sócmhainní dá dtagraítear.

d. **Bannaí faoi chumhdach leibhéal 1 cheanglas um chumhdach leachtachta [i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún] agus, a luaithe a bheidh feidhm ag an rialachán tarmligthe ábhartha, mar a shonraítear a thuilleadh mar ionstraimí airgeadais fíorleachtacha de réir Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114:**

   i. na caolchorrlaigh cheanglas um chumhdach leachtachta is gá;

   ii. an mheánaibíocht/meánré iarmhair ualaithe chun a n-íogaireacht fhéideartha ar riosca an ráta úis agus ar an luaineacht ghaolmhar a chur san áireamh,

   iii. a gcéatadán den chúlchiste sócmhainní,

   iv. an comhchruinniú de réir eisitheora,

   v. suíomh an urrúis (coimeádaí) chun aon dúshlán a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le haistriú pras a chur san áireamh,

   vi. éabhlóid luach margaidh an urrúis shonraigh, chun measúnú a dhéanamh ar a luaineacht agus a gcomhghaol i ndáil leis na sócmhainní dá dtagraítear.

e. **Ionstraimí airgeadais fíorleachtacha eile, a luaithe a bheidh feidhm ag an rialachán tarmligthe ábhartha, mar a shonraítear a thuilleadh i gcomhréir le hAirteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114:**

   i. na caolchorrlaigh cheanglas um chumhdach leachtachta is gá;

   ii. an mheánaibíocht/meánré iarmhair ualaithe chun a n-íogaireacht fhéideartha ar riosca an ráta úis agus ar an luaineacht ghaolmhar a chur san áireamh;

   iii. a gcéatadán den chúlchiste sócmhainní;

   iv. an comhchruinniú de réir eisitheora;

   v. suíomh an urrúis (coimeádaí) chun aon dúshlán a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le haistriú pras a chur san áireamh; agus

   vi. éabhlóid luach margaidh an urrúis shonraigh, chun measúnú a dhéanamh ar a luaineacht agus a gcomhghaol i ndáil leis na sócmhainní dá dtagraítear.

## b) Paraiméadair a bhaineann le calabrú fhachtóirí struis na sócmhainní dá dtagraítear

29. Agus na fachtóirí struis do na sócmhainní dá dtagraítear ag na licíní á gcinneadh, ba cheart d'eisitheoirí ARTanna/EMTanna na paraiméadair uile seo a leanas a chur san áireamh faoi strus:

i. táscairí luaineachta agus dáileacháin maidir le luach margaidh an chúlchiste sócmhainní (amhail meán, ceathairíleanna agus dáileadh luach margaidh an chúlchiste sócmhainní);

ii. táscairí luaineachta agus dáileacháin i ndáil leis na sócmhainní dá dtagraítear (amhail meán, ceathairíleanna agus dáileadh luach margaidh na sócmhainní dá dtagraítear);

iii. fachtóirí struis neamhghnácha (amhail leachtacht, fóntacht sócmhainneachta an eisitheora);

iv. fachtóirí struis ar fud an mhargaidh (amhail fachtóirí struis sa chóras airgeadais nó sa chripti-éiceachóras, líon agus méid na ndialltaí idir praghas an licín agus luach margaidh na sócmhainne dá dtagraítear leis an licín).